2024/1281

17.5.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1281 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Bealtaine 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 maidir le struchtúr, formáid, próisis tíolactha agus athbhreithniú na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le Rialachas an Aontais Fuinnimh agus na Gníomhaíochta Aeráide, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 663/2009 agus Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 94/22/CE, Treoir 98/70/CE, Treoir 2009/31/CE, Treoir 2009/73/CE, Treoir 2010/31/AE, Treoir 2012/27/AE agus Treoir 2013/30/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/119/CE agus Treoir (AE) 2015/652 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 19(5), Airteagal 26(7) agus Airteagal 38(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Agus sonraí fardail gás ceaptha teasa á dtuairisciú ag na Ballstáit chuig an gCoimisiún, úsáidfidh siad an tábla tuairiscithe coiteann agus an achoimre ar dhoiciméid fardail gás ceaptha teasa a úsáidtear faoi Chomhaontú Pháras. In 2021, Comhdháil na bPáirtithe, a fheidhmíonn mar chruinniú le haghaidh na bPáirtithe i gComhaontú Pháras, ghlac sí Cinneadh 5/CMA.3 lena leagtar síos an tábla tuairiscithe comhchoiteann agus an achoimre ar dhoiciméid fardail gás ceaptha atá le húsáid ag na Páirtithe agus a dtuarascálacha fardail náisiúnta á dtíolacadh acu. Is gá na sainmhínithe in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 ([2]) ón gCoimisiún a leasú chun na tagairtí don chinneadh ó Chomhdháil na bPáirtithe lena leagtar síos an tábla thuasluaite agus an achoimre thuasluaite a thabhairt cothrom le dáta.

(2) Leasaíodh Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/1999 chun a cheangal ar an gCoimisiún athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar shonraí an fhardail náisiúnta maidir le gáis ceaptha teasa in 2025, chomh maith leis na hathbhreithnithe cuimsitheacha atá le déanamh in 2027 agus in 2032. Dá bhrí sin, is gá Airteagail 30 agus 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 a leasú, chomh maith le hIarscríbhinn XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, lena mbunaítear nós imeachta agus sceideal na n-athbhreithnithe cuimsitheacha atá le déanamh faoi Airteagal 38 de Rialachán (AE) 2018/1999.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2018/1999, tuairisceoidh na Ballstáit faisnéis maidir le húsáid ioncaim a ghintear trí lamháltais a chur ar ceant de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]). Leagtar amach na formáidí chun an fhaisnéis sin a thuairisciú in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208.

(4) Leasaíodh Treoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/959 ([4]) agus tugadh isteach roinnt athruithe maidir le húsáid an ioncaim ó na ceantanna. Ní mór na hathruithe sin a léiriú sna formáidí a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208.

([1]) IO L 328, 21.12.2018, lch. 1. ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1999/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 ón gCoimisiún an 7 Lúnasa 2020 maidir le struchtúr, formáid, próisis tíolactha agus athbhreithniú na faisnéise arna tuairisciú ag na Ballstáit de bhun Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 749/2014 ón gCoimisiún (IO L 278, 26.8.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1208/oj).

([3]) Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear scéim trádála lamháltais um astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/2023-06-05).

([4]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lgh. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

(5) Foráiltear anois le hAirteagal 10(3), an chéad fhomhír, de Threoir 2003/87/CE go n-úsáidfear gach ioncam ó na ceantanna nach bhfuil sannta do bhuiséad an Aontais i bhfoirm acmhainní dílse, nó go n-úsáidfear luach airgeadais coibhéiseach an ioncaim ó na ceantanna sin, chun críocha a bhaineann leis an aeráid a liostaítear san Airteagal sin, cé is moite den ioncam a úsáidtear chun costais charbóin indíreacha a chúiteamh. Áirítear leis sin ioncam ó na ceantanna méadaithe na mBallstát mar thoradh ar mhuiriompar a áireamh in AE CTA, ar dá bharr a spreagtar na Ballstáit a n-úsáid a mhéadú chun rannchuidiú le héiceachórais mhuiríbhunaithe a chosaint, a athbhunú agus a bhainistiú ar bhealach níos fearr, go háirithe limistéir mhuirí faoi chosaint. Chun rianú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta i dtreo na sprice sainordaithí an t-ioncam uile a chaitheamh chun críocha Airteagal 10(3), an chéad fhomhír, ba cheart tábla 2 nua a thabhairt isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 chun tuairisciú a dhéanamh ar eisíocaíocht charnach an ioncaim a bhaineann le gach bliain.

(6) Ceanglaítear le hAirteagal 10(3), an cúigiú fomhír, de Threoir 2003/87/CE anois go mbeidh an tuairisciú ar ioncam ó na ceantanna mionsonraithe go leor chun é a chur ar a chumas don Choimisiúin measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh an cheanglais a leagtar amach sa chéad fhomhír den Airteagal sin ag na Ballstáit. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún a cheangal ar na Ballstáit an fhaisnéis maidir le húsáid ioncaim a chur isteach arís má mheasann sé nach bhfuil an fhaisnéis sin mionsonraithe go leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh na mBallstát, agus ba cheart ceangal a bheith ar na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na ganntanais sin laistigh de thréimhse réasúnach ama.

(7) Rinneadh an liosta de chríocha a bhaineann leis an aeráid in Airteagal 10(3) de Threoir 2003/87/CE a leathnú chun críocha breise a chumhdach a mbíonn tionchar dearfach acu ar an gcomhshaol. Thairis sin, ceanglaítear ar na Ballstáit anois, de bhun Airteagal 10(3), an ceathrú fomhír, tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar úsáid an ioncaim ó na ceantanna, ina sonrófar, i gcás inarb ábhartha agus de réir mar is iomchuí, an t-ioncam a úsáidtear agus na gníomhaíochtaí a dhéantar chun a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus a bpleananna críochacha um aistriú cóir a chur chun feidhme. Ceanglaítear ar na Ballstáit a chur san áireamh freisin gur gá leanúint den mhaoiniú idirnáisiúnta don chomhrac i gcoinne an athraithe aeráide a mhéadú i dtríú tíortha leochaileacha agus cinneadh á dhéanamh maidir le húsáid an ioncaim a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant. An tábla ch tuairisciú a dhéanamh ar úsáid an ioncaim ó lamháltais a chur ar ceant chun críocha intíre agus chun críocha an Aontais de bhun Airteagal 3d agus Airteagal 10 de Threoir 2003/87/CE, ba cheart é a chur in oiriúint chun na ceanglais agus na críocha nua sin a léiriú, mar thábla 3 nua. Chun tuiscint níos mionsonraithe a fháil ar chaiteachas an ioncaim ó na ceantanna laistigh de chuspóirí níos leithne liosta Airteagal 10(3), ba cheart do na Ballstáit catagóir bheacht an chaiteachais a léiriú sa tábla seo, lena n-áirítear críocha idirnáisiúnta agus maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide, agus ba cheart dóibh a shonrú nuair a úsáidtear an t-ioncam le haghaidh tionscadail nó cláir chun teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú.

(8) Ceanglaítear le hAirteagal 30m(3) de Threoir 2003/87/CE go bhféachfaidh na Ballstáit le hinfheictheacht fhoinse cistiúcháin na ngníomhaíochtaí nó na dtionscadal arna gcistiú ón ioncam ó na ceantanna a ndéanann siad a n-úsáid a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 3d(4), Airteagal 10(3) agus Airteagal 30d(6) den Treoir sin, agus imthosca náisiúnta á gcur san áireamh. Leis an tábla 3 nua, ba cheart é a chur ar a gcumas do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar an gcaoi ar fhéach siad leis an infheictheacht sin a áirithiú.

(9) Tugtar sciar lamháltas do na Ballstáit a bhfuil freagracht orthu as cóimheas ard de chuideachtaí loingseoireachta i gcomparáid lena ndaonra agus ba cheart dóibh úsáid a bhaint as an ioncam a ghintear ón sciar lamháltas sin a chur ar ceant chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 10(3) de Threoir 2003/87/CE, an chéad fhomhír, pointe (g), maidir leis an earnáil mhuirí, agus pointí (f) agus (i) den fhomhír sin. Leis an tábla 3 nua, ba cheart é a chur ar a gcumas do na Ballstáit tuairisc a thabhairt ar úsáid an ioncaim breise sin chun críoch muirí.

(10) Ó bhí an 1 Eanáir 2021 ann, féadfaidh oibreoirí suiteálacha agus oibreoirí aerárthaí araon lamháltais ghinearálta agus eitlíochta a thabhairt suas de bhun Airteagal 12 de Threoir 2003/87/CE. Thairis sin, i Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún ([5]), leasaíodh an sainmhíniú ar lamháltais ghinearálta chun na lamháltais uile a eiseofar tar éis an 1 Eanáir 2025 de bhun Chaibidil III de Threoir 2003/87/CE a áireamh, chomh maith leis na lamháltais uile arna gcruthú le haghaidh gníomhaíochtaí iompair muirí de bhun Airteagal 3ga den Treoir sin agus na lamháltais uile arna gcruthú le haghaidh gníomhaíochtaí eitlíochta de bhun Airteagal 3c agus Airteagal 3d den Treoir sin. Cuirfear na lamháltais sin ar ceant go comhpháirteach sna fuinneoga tairisceana céanna ón 1 Eanáir 2025 ar aghaidh. Mar thoradh air sin, ba cheart deireadh a chur le haon idirdhealú idir an tuairisciú ar ioncaim eitlíochta agus neamheitlíochta in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208.

([5]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1122/oj).

(11) Ba cheart tuairisciú ar ioncam ó na ceantanna faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 a chuíchóiriú bunaithe ar an taithí a fuarthas ón tuairisciú faoin Rialachán sin. Ar an gcéad dul síos, ba cheart táblaí 1d agus 1b a chomhcheangal chun an tuairisciú a shimpliú, i dtábla nua 1 ina dtugtar forléargas ar an ioncam a ghintear agus ar a úsáid sa bhliain tuairiscithe. Ar an dara dul síos, léiríodh go bhfuil táblaí 3, 4, 5 agus 6 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin ró-mhionsonraithe le gur féidir iad a thuairisciú i gceart agus, ar an gcaoi sin, iad a úsáid chun críoch comparáideach. Dá bhrí sin, ba cheart tábla aonair a chur in ionad tháblaí 3, 4 agus 5, ina gcomhcheanglófaí gach ioncam ó lamháltais a chur ar ceant chun críoch idirnáisiúnta i bhforbhreathnú aonair mar thábla nua 4, agus ba cheart tábla 6 a scriosadh.

(12) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208, bunaítear formáid na dtuarascálacha atá le cur faoi bhráid an Choimisiúin ag na Ballstáit, de bhun Airteagal 26(3) de Rialachán (AE) 2018/1999. Baineann tuarascálacha den sórt sin, i measc nithe eile, le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a chumhdaítear le Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([6]).

(13) Sainítear raon feidhme Rialachán (AE) 2018/842 trí thagairt a dhéanamh d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ina liostaítear na gníomhaíochtaí a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE.

(14) Leasaíodh Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE nuair a cuireadh an ghníomhaíocht 'iompar muirí' leis agus, ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, chun críocha Airteagail 14 agus 15 den Treoir sin, cuireadh an ghníomhaíocht 'dóchán breoslaí i suiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh ar mó a n-ionchur teirmeach rátaithe iomlán ná 20 MW' leis. Leasaíodh Airteagal 2(1) de Rialachán (AE) 2018/842 chun a áirithiú nach n-athraítear raon feidhme Rialachán (AE) 2018/842 leis an leasú sin ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.

(15) Leis na teimpléid tuairiscithe a bhunaítear in Iarscríbhinní XII agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208, áirítear cealla ina bhfuil ar na Ballstáit cainníocht na n-astaíochtaí a thagann faoi Threoir 2003/87/CE a léiriú. Trí fhonóta 5 a ghabhann le hIarscríbhinn XII a chur isteach agus trí fhonóta 7 a ghabhann le hIarscríbhinn XV a leasú, na hastaíochtaí arb é an ghníomhaíocht 'iompar muirí' mar aon leis na hastaíochtaí ó ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE chun críocha Airteagail 14 agus 15 den Treoir sin is cúis leo, is gá a shuí nach bhfuil siad le háireamh sna cainníochtaí atá le cur in iúl ag na Ballstáit sna cealla sin.

(16) Leasaíodh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ([7]) ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha chun faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó na gníomhaíochtaí atá faoi réir Threoir 2003/87/CE, chun é a ailíniú le Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([8]) lena rialaítear an spreagadh maidir le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a úsáid. Mar thoradh air sin, ón 1 Eanáir 2023 (bliain na n-astaíochtaí) ar aghaidh, ní dhéanfar na hastaíochtaí uile ó dhóchán bithmhaise a thuairisciú mar dhóchán bithmhaise nialas-rátaithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, ach tuairisceofar iad siúd ina gcomhlíonfaidh an bhithmhais a úsáideadh na critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001. Tá éifeacht ag an leasú sin ar ríomh na n-astaíochtaí faoi Rialachán (AE) 2018/842, ós rud é go ndéanfadh na hastaíochtaí ó dhóchán bithmhaise nach bhfuil le tuairisciú mar dhóchán bithmhaise nialas-rátaithe faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 méadú a spreagadh ar na hastaíochtaí faoi Threoir 2003/87/CE atá le háireamh chun críocha Rialachán (AE) 2018/842 agus laghdú comhionann a spreagadh ar astaíochtaí arna ríomh faoi Rialachán (AE) 2018/842. Dá bhrí sin, ba cheart a shoiléiriú in Iarscríbhinní XII agus XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 go ndéanfar astaíochtaí CO_2 ó úsáid bithmhaise i suiteálacha do-aistrithe faoi Threoir 2003/87/CE a chur san áireamh mar nialas chun críocha Iarscríbhinní XII agus XV a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(17) In 2021, chinn Comhdháil na bPáirtithe i gCreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide (UNFCCC) go ndéanfar, ó 2024 ar aghaidh, chun críoch Chomhaontú Pháras, déanfar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa arna stóráil go buan a ghabhtar ó dhóchán bithmhaise agus ó phróisis thionsclaíocha a asbhaint ó astaíochtaí iomlána gach Páirtí.

([6]) Rialachán (AE) 2018/842 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 (IO L 156, 19.6.2018, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/842/oj).

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).

([8]) Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2018/2001/oj).

(18) Le hAithris 17 de Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) aithníodh an tábhacht a bhaineann le scéim de chuid an Aontais a chur ar bun le haghaidh deimhniú aistrithe carbóin a stóráiltear go sábháilte agus go buan agus a fhaightear trí réitigh theicneolaíocha, rud a thabharfadh soiléireacht do na Ballstáit agus d'oibreoirí margaidh chun na haistrithe carbóin sin a fheabhsú. Nuair a bheidh scéim deimhniúcháin den sórt sin i bhfeidhm, is féidir anailís a dhéanamh ar chuntasaíocht na n-aistrithe carbóin sin faoi dhlí an Aontais.

(19) Sa Teachtaireacht ón gCoimisiún an 6 Feabhra 2024 dar teideal *'Towards an ambitious Industrial Carbon Management for the EU* [I dtreo Bainistiú Carbóin Tionsclaíoch uaillmhianach le haghaidh an Aontais]', cuirtear i dtábhacht go bhfuil slabhraí luacha aistrithe carbóin tionsclaíocha ríthábhachtach chun an cuspóir aeráidneodrachta a chumhdaítear i Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]) a bhaint amach. Mar sin féin, tugtar ar aird inti freisin nach gcumhdaítear aistrithe carbóin tionsclaíocha faoi láthair le Treoir 2003/87/CE, Rialachán (AE) 2018/842 nó Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]) agus cuirtear i dtábhacht inti an measúnú ar an gcaoi is fearr dreasachtaí a chur ar fáil le haghaidh aistrithe carbóin tionsclaíocha i reachtaíocht an Aontais atá ann faoi láthair nó trí ionstraimí nua.

(20) Chun a áirithiú go ndéanfar cuntasaíocht cheart ar na hastaíochtaí gás ceaptha teasa faoi Rialachán (AE) 2018/842, nach ndéantar foráil ann maidir lena n-asbhaint, níor cheart astaíochtaí diúltacha a thuairiscítear do UNFCCC a chur san áireamh agus na hastaíochtaí a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2018/842 á ríomh.

(21) Chun trédhearcacht agus cobhsaíocht an dlí a áirithiú, is iomchuí a léiriú in Iarscríbhinn XV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 na dátaí ar a bhfuil na Ballstáit le sonraí a bhaint a bhaineann le hiomlán na n-astaíochtaí fíoraithe ó shuiteálacha do-aistrithe faoi Threoir 2003/87/CE chun na hastaíochtaí a thagann faoi Rialachán (AE) 2018/842 a chinneadh.

(22) De bhun Airteagal 29(5) de Rialachán (AE) 2018/1999, déanfaidh an Coimisiún measúnú bliantúil ar cé acu atá nó nach bhfuil dul chun cinn leordhóthanach á dhéanamh ag na Ballstáit i dtreo chomhlíonadh na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841. Cé nach bhfuil an fhaisnéis atá le soláthar ag na Ballstáit maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa arna n-ullmhú dá gcuntais LULUCF de bhun Airteagal 26(5) de Rialachán (AE) 2018/1999 dlite ach sna blianta 2027 agus 2032, chuirfeadh tuairisciú bliantúil na sonraí sin ar a chumas don Choimisiún measúnú ceart a dhéanamh ar dhul chun cinn na mBallstát i dtreo chomhlíonadh a n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2018/841. Is iomchuí, dá bhrí sin, a thabhairt ar aird, in Iarscríbhinn XX, go moltar do na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear inti a thuairisciú ar bhonn bliantúil.

(23) Is féidir formhór na faisnéise a cheanglaítear i dTábla 1a d'Iarscríbhinn XX a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 a dhíorthú go huathoibríoch ó na táblaí tuairiscithe coiteanna a cuireadh isteach le haghaidh an tuairiscithe ar fhardal gás ceaptha teasa ar choinníoll go n-úsáidtear na roghchláir anuas lenar féidir fochatagóirí sna táblaí sin a roghnú. Chun na ceanglais tuairiscithe a chuíchóiriú, ba cheart an rogha a bheith ag na Ballstáit tagairt a dhéanamh dá dtuarascálacha ar fhardal gás ceaptha teasa ar mhaithe le faisnéis áirithe a iarrtar i dTábla 1d d'Iarscríbhinn XX a thuairisciú ar choinníoll go n-úsáidfeadh siad na roghchláir anuas. Mar sin féin, ba cheart a cheangal ar na Ballstáit fós faisnéis a thuairisciú maidir le talamh foraoise bainistithe agus talamh foraoisithe, agus maidir leis na hastaíochtaí/aistrithe atá eisiata ó shuaitheadh nádúrtha ar na catagóirí talún sin, ós rud é nach féidir leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil ná leis an gCoimisiún an fhaisnéis sin a aisghabháil ar bhonn na dtuarascálacha ar fhardail gás ceaptha teasa. In Iarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208, ní éileofar tábla 1b a thuilleadh ó 2027 ar aghaidh, ós rud é gur féidir an fhaisnéis a cheanglaítear sa tábla sin a aisghabháil ó na fardail maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa. Beidh an tábla achomair comhfhreagrach 5a iomarcach freisin ón mbliain sin ar aghaidh. Is iomchuí, dá bhrí sin, táblaí 1b agus 5a d'Iarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 a scriosadh le héifeacht ón 1 Eanáir 2028 ar aghaidh.

([9]) Rialachán (AE) 2023/857 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/842 maidir le laghduithe bliantúla ceangailteacha ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ag na Ballstáit ó 2021 go 2030 lena rannchuidítear leis an ngníomhú ar son na haeráide agus chun na gealltanais a tugadh faoi Chomhaontú Pháras a chomhlíonadh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1999 (IO L 111, 26.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/857/oj)

([10]) Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1119/oj)

([11]) Rialachán (AE) 2018/841 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le hastaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa ó úsáid talún, athrú ar úsáid talún agus foraoiseacht a chur san áireamh i gcreat 2030 don aeráid agus don fhuinneamh, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 525/2013 agus Cinneadh Uimh. 529/2013/AE (IO L 156, 19.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/841/2023-05-11).

(24) Ba cheart an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII chun ceartúcháin theicniúla a dhéanamh a ailíniú tuilleadh le hAirteagail 31 agus 32 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an imní atá ar na comhreachtóirí maidir le hathruithe ar an modheolaíocht a cheadaítear faoi Rialachán (AE) 2018/841.

(25) Tar éis an athbhreithnithe ar Rialachán (AE) 2018/841 le Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]), déanfar measúnú ar chomhlíonadh na mBallstát sa chéad tréimhse chomhlíontachta 2021-2025 ar bhonn na n-astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa a thugtar i gcuntas, ach i gcás an dara tréimhse chomhlíontachta (2026-2030), déanfar measúnú ar chomhlíonadh na mBallstát ar bhonn na n-astaíochtaí agus aistrithe gás ceaptha teasa tuairiscithe. Leis an aistriú ó luachanna a thugtar i gcuntas go luachanna tuairiscithe, beifear in ann oibleagáidí tuairiscithe a chuíchóiriú tuilleadh idir Rialachán (AE) 2018/841 agus Rialachán (AE) 2018/1999. Éilítear freisin le raon feidhme agus struchtúr athbhreithnithe an dara tréimhse comhlíontachta athruithe teoranta ar Thábla 1a agus ar Thábla 5b in Iarscríbhinn XXV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208.

(26) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 a leasú dá réir sin.

(27) I gcomhréir le hAirteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2018/1999, ní mór do na Ballstáit tuairisc a thabhairt gach bliain faoin 31 Iúil ar úsáid an ioncaim a ghintear tríd an mBallstát trí lamháltais a chur ar ceant. Chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh na Ballstáit an sprioc-am sin trí úsáid a bhaint as na teimpléid tuairiscithe arna leasú i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 14 Bealtaine 2024 ar aghaidh.

(28) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1208 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (1):

'(1) ciallaíonn 'tábla tuairiscithe coiteann', nó 'TTC', tábla le haghaidh faisnéis faoi astaíochtaí gás ceaptha antrapaigineacha ag foinsí agus aistriú linnte a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh 5/CMA.3 de Chomhdháil na bPáirtithe a fheidhmíonn mar chruinniú le haghaidh na bPáirtithe i gComhaontú Pháras (Cinneadh 5/CMA.3).';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (6):

'(6) ciallaíonn 'achoimre ar dhoiciméid fardail gás ceaptha teasa' an achoimre a áirítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh 5/CMA.3 ó Chomhdháil na bPáirtithe a fheidhmíonn mar chruinniú le haghaidh na bPáirtithe i gComhaontú Pháras de bhun Chinneadh 18/CMA.1.';

(2) in Airteagal 5, cuirtear an fhomhír seo a leanas leis:

'Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil an fhaisnéis dá dtagraítear sa chéad fhomhír mionsonraithe go leordhóthanach chun measúnú a dhéanamh ar chomhlíonadh Airteagal 10(3) de Threoir 2003/87/CE, iarrfaidh an Coimisiún ar an mBallstát ábhartha an tuarascáil ina mbeidh faisnéis atá mionsonraithe go leordhóthanach a thíolacadh arís. Déanfar an t-ath-thíolacadh sin laistigh de 2 mhí ón iarraidh a fháil.';

(3) in Airteagal 30, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Agus na hathbhreithnithe cuimsitheacha dá dtagraítear in Airteagal 38(1) agus (1a) de Rialachán (AE) 2018/1999 á ndéanamh ag an gCoimisiún agus ag an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil, tabharfaidh foireann athbhreithnithe saineolaithe teicniúla cúnamh dóibh agus leanfaidh siad an nós imeachta a leagtar amach in Iarscríbhinn XXII.';

([12]) Rialachán (AE) 2023/839 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Aibreán 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/841 a mhéid a bhaineann leis an raon feidhme, leis na rialacha tuairiscithe agus comhlíontachta a shimpliú, agus lena leagtar amach spriocanna na mBallstát le haghaidh 2030, agus Rialachán (AE) 2018/1999 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar an bhfaireachán, an tuairisciú, an rianú ar dhul chun cinn agus ar an athbhreithniú (IO L 107, 21.4.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/839/oj).

(4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 32:

"*Airteagal 32*

Tuarascálacha athbhreithnithe críochnaitheacha

Cuirfidh an Coimisiún an Ballstát lena mbaineann ar an eolas faoi dheireadh an athbhreithnithe chuimsithigh agus cuirfidh sé tuarascáil athbhreithnithe chríochnaitheach ar fáil don Bhallstát faoin 30 Lúnasa 2025, faoin 30 Lúnasa 2027 agus faoin 30 Lúnasa 2032 faoi seach.';

(5) Cuirtear an téacs in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn II;

(6) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XII;

(7) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XV;

(8) Leasaítear Iarscríbhinn XX mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán seo;

(9) leasaítear Iarscríbhinn XXII mar a leagtar amach in Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo;

(10) cuirtear an téacs in Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn XXV.

(11) Scriostar táblaí 1b agus 5a d'Iarscríbhinn XXV .

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 14 Bealtaine 2024.

Beidh feidhm ag Airteagal 1, pointe (11), ón 1 Eanáir 2028, áfach.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Bealtaine 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN II

Faisnéis maidir le húsáid an ioncaim ó na ceantanna de bhun Airteagal 5

Tábla 1

Ioncam a ghintear agus a úsáidtear ó lamháltais a chur ar ceant sa bhliain X-1

1		An méid le haghaidh na bliana X-1	
2		1 000 Eur	1 000 san airgeadra náisiúnta, más infheidhme ([1])
3	A	B	C
4	**Méid iomlán an ioncaim a ghintear** ó lamháltais a chur ar ceant		
5	**Méid iomlán an ioncaim a ghintear** ó na lamháltais bhreise de bhun Airteagal 3ga(3), an dara fomhír ([2])		
6	**Méid iomlán an ioncaim ó lamháltais a chur ar ceant nó luach airgeadais coibhéiseach a íoctar amach chun na gcríoch** a shonraítear in Airteagal 10(3) de Threoir 2003/87/CE		
7	**Méid iomlán an ioncaim ó lamháltais a chur ar ceant nó luach airgeadais coibhéiseach geallta** ([3]) **ach nach n-íoctar amach chun na gcríoch** a shonraítear in Airteagal 10(3) de Threoir 2003/87/CE		
8	**Méid iomlán an ioncaim ó lamháltais a chur ar ceant nó luach airgeadais coibhéiseach nár gealladh fós nó nár íocadh amach fós**		
9	**Cur chuige airgeadais** Mínítear an cur chuige náisiúnta ábhartha (ciste, tionscadail *ad hoc*, luach airgeadais coibhéiseach tríd an mbuiséad ginearálta, nó aon mheascán díobh sin) nó aon athrú ar an gcur chuige ó rinneadh an tuairisciú deireanach		

Nodaireacht: X = an bhliain ina ndéantar an tuairisciú

Nótaí:

(1) Úsáidfear meánráta malairte bliantúil le haghaidh na bliana X-1 nó an fíor-ráta malairte a chuirtear i bhfeidhm ar an méid a íoctar amach le haghaidh an chomhshó airgeadra.

(2) De bhun Airteagal 3ga(3) de Threoir 2003/87/CE, go dtí an 31 Nollaig 2030, cuirfear sciar lamháltas i leith na mBallstát a bhfuil cóimheas ard de chuideachtaí loingseoireachta acu a bheadh faoina bhfreagracht i gcomparáid lena ndaonra féin in 2020. Déanfar an t-ioncam a ghintear ón sciar lamháltas sin a chur ar ceant a thuairisciú ar leithligh anseo agus áireofar é sa mhéid a thuairiscítear i ró 4.

(3) Ciallaíonn 'gealltanas' gur shann an Ballstát an t-airgead do chlár nó beart sonrach, mar shampla i bhfoirm líne bhuiséid i gciste tiomnaithe nó i bhfoirm conartha le tairbhí, ach nár íocadh amach fós é.

Tábla 2

Ioncam ó lamháltais a chur ar ceant ó bhí an 5 Meitheamh 2023 ann a íoctar amach go carnach sa bhliain X-1 chun na gcríoch a shonraítear in Airteagal 10(3) i dtreo caiteachas 100 %

	Tuairisciú á thabhairt ar: — Ioncam ó na ceantanna a ghintear sa bhliain X-1 a íoctar amach chun na gcríoch a shonraítear in Airteagal 10(3) in EUR 1 000 (nó airgeadra náisiúnta) sa bhliain X-1 agus mar chéatadán den ioncam a ghintear sa bhliain X-1 — Iomlán an ioncaim ó na ceantanna a ghintear sa bhliain X-2 a íoctar amach chun na gcríoch a shonraítear in Airteagal 10(3) in EUR 1 000 (nó san airgeadra náisiúnta) faoin mbliain X-1, arna shloinneadh freisin mar chéatadán den ioncam a ghintear sa bhliain X-2([1])									Nótaí
Bliain	2023	2024	2025	2026	2027	2028	2029	2030	% iomlán	Murar baineadh 100 % amach go fóill, mínítear cén fáth agus cén uair a measann tú go mbainfear amach an sprioc 100 %
2023([2])										
2024										
2025										
2026										
2027										
2028										
2029										
2030										

Nodaireacht: X = an bhliain ina ndéantar an tuairisciú

Nótaí:

(1) Léirítear sa dara cill bhán de ró gach bliana suim ioncam X-2 a íoctar amach sa bhliain X-1 agus sa bhliain X-2. E.g., léiríonn an chill le haghaidh 2023 agus an íocaíocht amach in 2024 suim ioncam 2023 a íoctar amach in 2023 agus in 2024. Is é is cuspóir don tábla seo caiteachas ioncam a bhaineann le bliain áirithe a rianú chun an oibleagáid 100 % a chomhlíonadh.

(2) Ón 5 Meitheamh 2023 go dtí an 31 Nollaig 2023.

Tábla 3

Ioncam a íoctar amach nó a ghealltar sa bhliain X-1 ón ioncam a ghintear ó lamháltais a chur ar ceant chun críocha intíre, Aontais agus idirnáisiúnta de bhun Airteagal 3d agus Airteagal 10 de Threoir 2003/87/CE

1	An cineál úsáide ([1])	Ainm an tionscadail nó an chláir	Tuairisc ghairid	Catagóir([2])	An méid le haghaidh bhliain X-1		Stádas na híocaíochta amach agus an bhliain([3])	Stádasan ghealltanais agus an bhliain([4])	Infheictheacht ([5])	Sásra athdháilte muirí ([6])	PNFA / PAC ([7])	**Teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú**	Nótaí
2	E.g. Airteagal 10(3), pointe (a), de Threoir 2003/87/CE, Airteagal 10(3), pointe (b), de Threoir 2003/87/CE, etc.	E.g. teideal an chláir, na gníomhaíochta, an bhirt nó an tionscadail	Cuir isteach an ghníomhaireacht cur chun feidhme agus tagairt d'fhoinse ar líne ina bhfuil cur síos níos mionsonraithe	Sonraigh an chatagóir is fearr a chomhfhreagraíonn do na roghanna a cuireadh ar fáil	1 000 eur	1 000 Airgeadra Náisiúnta	Sonraigh an bhliain inar gineadh an t-ioncam	Sonraigh an bhliain inar gineadh an t-ioncam	Sonraigh an chaoi a n-áirítear infheictheacht agus cé a dhéanann é (e.g. tairbhí, nó comhlacht poiblí ábhartha)	Cuir tic sa bhosca má úsáideann an tionscadal nó an clár ioncam Airteagal 3ga(3)	Sonraigh an bhfuil an PNFA nó an PAC á chur chun feidhme leis an ngníomhaíocht	Cuir tic sa bhosca más tionscadal nó clár é chun teicneolaíochtaí glan-nialasacha a mhonarú([8])	E.g. mínigh bearnaí, faisnéis cháilíochtúil faoi úsáidí sonracha mura bhfuil faisnéis chainníochtúil ar fáil
3	A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K	L	M
4													
5													

(Cuir rónna leis de réir mar is gá)

6		**Méid iomlán an ioncaim nó luach airgeadais coibhéiseach a úsáideadh**			Suim cholún D	Suim cholún E							

Nodaireacht: X = an bhliain ina ndéantar an tuairisciú

Nótaí:

(1) Roghnaigh ó liosta na gcuspóirí seo a leanas, mar a leagtar amach in Airteagal 10(3) de Threoir 2003/87/CE. Seachnóidh na Ballstáit comhaireamh dúbailte na méideanna sa Tábla seo. I gcás ina rannchuidíonn clár nó tionscadal aonair le hilchuspóirí, roghnaítear an cuspóir is mó lena gcuireann sé:

a) chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, lena n-áirítear trí chur leis an gCiste Domhanda don Éifeachtúlacht Fuinnimh agus don Fhuinneamh Inathnuaite agus leis an gCiste Oiriúnaithe arna chur i bhfeidhm ag Comhdháil Poznan ar an Athrú Aeráide (COP 14 agus COP/MOP 4), chun oiriúnú do thionchair an athraithe aeráide agus chun taighde agus forbairt a chistiú chomh maith le tionscadail taispeántais chun astaíochtaí a laghdú agus chun oiriúnú don athrú aeráide, lena n-áirítear rannpháirtíocht i dtionscnaimh faoi chuimsiú an Phlean Straitéisigh Eorpaigh um Theicneolaíocht Fuinnimh agus na nArdán Teicneolaíochta Eorpach;

b) chun fuinnimh in-athnuaite agus eangacha do tharchur leictreachais a fhorbairt d'fhonn gealltanas an Aontais i ndáil le fuinnimh in-athnuaite agus spriocanna an Aontais maidir le hidirnascacht a chomhlíonadh, agus chun teicneolaíochtaí eile a fhorbairt lena gcuirtear leis an aistriú chuig geilleagar ísealcharbóin slán inbhuanaithe, agus chun cabhrú le comhlíonadh ghealltanas an Aontais an éifeachtúlacht fuinnimh a ardú, ag na leibhéil a comhaontaíodh i ngníomhartha reachtacha ábhartha, lena n-áirítear leictreachas a tháirgeadh ó fhéintomhaltóirí fuinnimh in-athnuaite agus ó chomhphobail fuinnimh in-athnuaite;

c) bearta lena ndéantar an dífhoraoisiú a sheachaint agus tacú le cosaint agus le hathbhunú portaigh, foraoisí agus éiceachórais eile atá talamhbhunaithe nó muiríbhunaithe, lena n-áirítear bearta lena rannchuidítear le cosaint, athchóiriú agus bainistiú níos fearr na nithe sin, go háirithe a mhéid a bhaineann le limistéir mhuirí faoi chosaint, agus lena méadaítear an foraoisiú agus an t-athfhoraoisiú atá fabhrach don bhitheagsúlacht, lena n-áirítear i dtíortha i mbéal forbartha a bhfuil Comhaontú Pháras daingnithe acu, agus bearta chun teicneolaíochtaí a aistriú agus chun an t-oiriúnú d'éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide sna tíortha sin a éascú;

d) gás ceaptha teasa a cheapadh san Aontas trí mheán na foraoiseachta agus na hithreach;

e) gabháil agus stóráil gheolaíoch CO_2 ar bhealach atá sábháilte ó thaobh an chomhshaoil de, go háirithe CO_2 ó stáisiúin cumhachta breosla iontaise sholadaigh agus ó raon earnálacha agus fo-earnálacha tionsclaíochta, lena n-áirítear i dtríú tíortha, agus modhanna nuálacha chun carbón a bhaint, amhail gabháil dhíreach ón aer agus stóráil;

f) infheistíocht a dhéanamh san aistriú chuig cineálacha iompair a chuireann go mór le dícharbónú na hearnála agus dlús a chur leo, lena n-áirítear seirbhísí agus teicneolaíochtaí iompair paisinéirí agus lasta d'iarnród agus seirbhísí agus teicneolaíochtaí bus atá neamhdhíobhálach don aeráid a fhorbairt, bearta chun an earnáil mhuirí a dhícharbónú, lena n-áirítear feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh long, calafort, teicneolaíochtaí nuálacha agus bonneagair, agus breoslaí malartacha inbhuanaithe, amhail hidrigin agus amóinia a tháirgtear ó fhoinsí in-athnuaite, agus teicneolaíochtaí tiomána astaíochtaí nialasacha, agus bearta a mhaoiniú chun tacú le dícharbónú aerfort i gcomhréir le Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bonneagar breoslaí malartacha a úsáid, agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú d'aeriompar inbhuanaithe;

g) taighde agus forbairt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh agus teicneolaíochtaí glana a mhaoiniú sna hearnálacha a chumhdaítear le Treoir 2003/87/CE;

h) bearta atá ceaptha chun éifeachtúlacht fuinnimh, córais téimh ceantair agus insliú a fheabhsú, chun tacú le córais téimh agus fuaraithe éifeachtúla agus in-athnuaite, nó chun tacú le hathchóiriú domhain céimneach foirgneamh i gcomhréir le Treoir 2010/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, ag tosú le hathchóiriú na bhfoirgneamh is neamhfheidhmiúla;

ha) tacaíocht airgeadais a sholáthar chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta i dteaghlaigh ar ioncam íseal nó ar mheánioncam, lena n-áirítear trí chánacha saobhacha a laghdú, agus laghduithe spriocdhírithe ar dhleachtanna agus ar mhuirir le haghaidh leictreachas in-athnuaite;

hb) scéimeanna náisiúnta díbhinní aeráide a mhaoiniú a bhfuil tionchar dearfach cruthaithe acu mar atá doiciméadaithe sa tuarascáil bhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle;

i) costais riaracháin a bhaineann le bainistiú CTA AE a chumhdach;

j) chun gníomhaíochtaí aeráide i dtríú tíortha leochaileacha a mhaoiniú, lena n-áirítear oiriúnú a dhéanamh d'iarmhairtí an athraithe aeráide;

k) chun foirmiú scileanna agus athdháileadh an lucht saothair a chur chun cinn d'fhonn cur le haistriú cóir chuig geilleagar aeráidneodrach, go háirithe sna réigiúin is mó atá thíos le haistriú post, i ndlúthchomhar leis na comhpháirtithe sóisialta, agus chun infheistíocht a dhéanamh in uas-sciliú agus in athoiliúint oibrithe a bhféadfadh an t-aistriú difear a dhéanamh dóibh, lena n-áirítear oibrithe sa mhuiriompar;

l) chun aghaidh a thabhairt ar aon riosca iarmharach sceite carbóin sna hearnálacha a chumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tacú leis an aistriú agus a ndícharbónú a chur chun cinn i gcomhréir leis na rialacha maidir le Státchabhair.

(2) Roghnaítear ón liosta seo a leanas. I gcás ina rannchuidíonn clár nó tionscadal aonair le réimsí iomadúla, roghnaítear an cuspóir is mó lena gcuireann sé:

1. Soláthar, eangacha agus stóráil fuinnimh (e.g. foinsí in-athnuaite fuinnimh, táirgeoirí is tomhaltóir)
2. Éifeachtúlacht fuinnimh, téamh agus fuarú i bhfoirgnimh
3. Dícharbónú tionsclaíoch (teicneolaíochtaí ísealcharbóin, GÚSC agus éifeachtúlacht fuinnimh in earnálacha tionsclaíocha seachas an earnáil fuinnimh)
4. Aistrithe buana (gabháil agus stóráil carbóin bithfhuinnimh / dírghabháil agus stóráil carbóin)
5. Tacaíocht shóisialta agus aistriú cóir
6. Cuspóirí idirnáisiúnta agus maoiniú idirnáisiúnta don troid i gcoinne an athraithe aeráide
7. Iompar poiblí agus soghluaisteacht (iarnród, bus, meitreo, trambhealach, rothar, siúl)
8. Iompar de bhóthar (carranna, trucailí)
9. Eitlíocht (lena n-áirítear breoslaí malartacha)
10. Iompar muirí (lena n-áirítear éifeachtúlacht fuinnimh, bonneagar agus breoslaí malartacha)
11. Oiriúnú
12. LULUCF, talmhaíocht agus aistrithe talamhbhunaithe
13. Bainistiú dramhaíola
14. Speansais riaracháin
15. Eile

(3) Sonraítear an bhliain lena mbaineann na méideanna a íoctar amach, i.e. cén bhliain inar ghin na ceantanna iad. Tá an fhaisnéis sin riachtanach chun a ríomh ar íocadh amach 100 % d'ioncam bliana áirithe.

(4) Sonraítear an bhliain lena mbaineann na méideanna a gealladh, i.e. cén bhliain inar ghin na ceantanna iad. Ciallaíonn 'gealltanas' gur shann an Ballstat an t-airgead do chlár nó beart sonrach, mar shampla i bhfoirm líne bhuiséid i gciste tiomnaithe nó i bhfoirm conartha le tairbhí, ach nár íocadh amach fós é.

(5) De bhun Airteagal 30m(3) de Threoir 2003/87/CE, féachfaidh na Ballstáit le hinfheictheacht fhoinse chistiú na ngníomhaíochtaí nó na dtionscadal arna gcistiú ó ioncam ó cheantanna CTA AE a ndéanann siad a n-úsáid a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 3d(4), Airteagal 10(3) agus Airteagal 30d(6) den Treoir sin.' Sa chás nach n-áirithítear infheictheacht an chistiúcháin, mínítear an chaoi ar féachadh lena áirithiú.

(6) De bhun Airteagal 3ga(3) de Threoir 2003/87/CE, go dtí an 31 Nollaig 2030, cuirtear sciar lamháltas i leith na mBallstát a bhfuil cóimheas ard de chuideachtaí loingseoireachta acu faoina bhfreagracht i gcomparáid lena ndaonra féin. Ba cheart an t-ioncam ó cheantáil sciar na lamháltas sin a úsáid chun na gcríoch dá dtagraítear in Airteagal 10(3), an chéad fhomhír, pointe (g), maidir leis an earnáil mhuirí, agus pointí (f) agus (i). Úsáidfidh na Ballstáit ábhartha colún J chun a léiriú cén áit ar úsáideadh an t-ioncam sin.

(7) De bhun Airteagal 10(3) de Threoir (AE) 2003/87/CE, ceanglaítear ar na Ballstáit a shonrú, i gcás inarb ábhartha agus de réir mar is iomchuí, cén t-ioncam a úsáidtear agus na gníomhaíochtaí a dhéantar chun a bpleananna comhtháite náisiúnta fuinnimh agus aeráide (PNFAnna) arna dtíolacadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1999 agus a bpleananna críochacha um aistriú cóir (PAC) arna n-ullmhú i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2021/1056 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ciste um Aistriú Cóir (IO L 231, 30.6.2021, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1056/oj). Sonraítear uimhir na gníomhaíochta atá á cur chun feidhme (e.g. beart PNFA 1.1. nó XX.1 JTP)

(8) Sonraítear nuair a úsáidtear an t-ioncam le haghaidh tionscadal nó clár chun aon cheann de na teicneolaíochtaí glan-nialasacha seo a leanas a mhonarú:

— teicneolaíochtaí gréine, lena n-áirítear: teicneolaíochtaí fótavoltacha, teicneolaíochtaí leictreacha teirmeacha gréine agus teicneolaíochtaí teirmeacha gréine;
— teicneolaíochtaí maidir le fuinneamh in-athnuaite gaoithe ar tír agus amach ón gcósta;
— teicneolaíochtaí ceallraí agus stórála fuinnimh;
— teaschaidéil agus teicneolaíochtaí fuinnimh gheoiteirmigh;
— teicneolaíochtaí hidrigine, lena n-áirítear leictrealóirí agus breosla-chealla;
— teicneolaíochtaí maidir le bithghás/bithmheatán inbhuanaithe;
— teicneolaíochtaí gabhála agus stórála carbóin;
— teicneolaíochtaí eangaí leictreachais, lena n-áirítear teicneolaíochtaí luchtaithe leictreacha le haghaidh iompair agus teicneolaíochtaí chun an eangach a dhigitiú;
— teicneolaíochtaí fuinnimh eamhnaithe núicléach, lena n-áirítear teicneolaíochtaí thimthriall an bhreosla núicléach;
— teicneolaíochtaí breoslaí malartacha inbhuanaithe;
— teicneolaíochtaí hidreachumhachta;
— teicneolaíochtaí fuinnimh in-athnuaite, nach gcumhdaítear faoi na catagóirí roimhe seo;
— teicneolaíochtaí a bhaineann le héifeachtúlacht fuinnimh córas fuinnimh, lena n-áirítear teicneolaíochtaí eangaí teasa;
— teicneolaíochtaí breoslaí in-athnuaite de thionscnamh neamhbhitheolaíoch;
— réitigh aeráide agus fuinnimh bhiteicneolaíochta;
— teicneolaíochtaí tionsclaíocha claochlaitheacha le haghaidh dícharbónú nach gcumhdaítear faoi na catagóirí roimhe seo;
— teicneolaíochtaí iompair agus úsáide CO2.

Tábla 4

Úsáid an ioncaim ó lamháltais a chur ar ceant chun críoch idirnáisiúnta sa bhliain X-1

1		An méid a íoctar amach sa bhliain X-1		An méid a ghealltar sa bhliain X-1		Nótaí
2	Úsáid an ioncaim ó lamháltais a chur ar ceant nó a choibhéis i luach airgeadais chun críoch idirnáisiúnta ([1])	1 000 Airgeadra náisiúnta, más infheidhme ([2])	1 000 eur	1 000 Airgeadra náisiúnta, más infheidhme ([2])	1 000 eur	E.g. mínigh bearnaí, faisnéis cháilíochtúil faoi úsáidí sonracha mura bhfuil faisnéis chainníochtúil ar fáil agus aon fhaisnéis eile a ghabhann leis
3	A	B	C	D	E	F
